Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Márta 2026
(OR. en)

7065/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0070 (NLE)

ECOFIN 290
UEM 101
FIN 375
*ECB*
*EIB*

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 114 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 114 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 114 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.3.2026
COM(2026) 114 final

2026/0070 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile

{SWD(2026) 74 final}

2026/0070 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Iodáil an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 19 Meán Fómhair 2023[3], an 8 Nollaig 2023[4], an 14 Bealtaine 2024[5], an 18 Samhain 2024[6], an 20 Meitheamh 2025[7], agus an 27 Samhain 2025[8].

(2) An 23 Feabhra 2026 rinne an Iodáil iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún moladh a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Iodáil.

***Leasuithe ar bhonn Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Iodáil isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 40 beart.

---

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj

2 Féach doiciméid ST 10160/21 INIT; ST 10160/21 ADD 1 REV 2 ag http://register.consilium.europa.eu

3 ST 12259/23 INIT.

4 ST 16051/23 INIT; ST 16051/23 ADD 1; ST 16051/23 ADD 1 REV 1 (ga).

5 ST 9399/24 INIT; ST 9399/24 ADD 1.

6 ST 15114/24 INIT; ST 15114 ADD 1 REV 1.

7 ST 9587/25 INIT; ST 9587/25 ADD 1.

8 ST 15106/25 INIT: ST 15106/25 ADD 1; ST 15106/25 COR 1.

(4) Mhínigh an Iodáil go bhfuil 13 bheart nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh san amlíne a sholáthraítear faoin Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021. Baineann an méid sin le: M2C3-6 faoi Infheistíocht 1.1 (Scoileanna nua a thógáil trí fhoirgnimh nua a chur in ionad na bhfoirgneamh atá ann faoi láthair); M2C3-8 faoi Infheistíocht 1.2 (Athcháiliú sócmhainní réadmhaoine poiblí a úsáideann riar an cheartais go páirteach nó go hiomlán); M2C3-10 faoi Infheistíocht 3.1 (Téamh ceantair éifeachtúil a chur chun cinn); M2C4-23 faoi Infheistíocht 3.3 (Athnádúrú limistéar Po); M2C4-25 faoi Infheistíocht 3.4 (Ithir ó shuíomhanna dílleachtacha a fheabhsú); M2C4-38 faoi Infheistíocht 4.4 (Infheistíochtaí i séarachas agus íonúchán); M3C1-5 faoi Infheistíocht 1.1 (Naisc iarnróid ardluais ó Dheas le haghaidh paisinéirí agus lasta); M5C2-6 faoi Infheistíocht 1 (Tacú le daoine leochaileacha agus institiúidiú a chosc); M5C2-8 faoi Infheistíocht 2 (Patrúin neamhspleáchais do dhaoine faoi mhíchumas); M5C2-10 faoi Infheistíocht 3 ( Tús Áite don Tithíocht agus Stáisiúin Phoist); M5C2-20 faoi Infheistíocht 6 (Clár Nuálaíochta do Cháilíocht Tithíochta); M6C1-9 faoi Infheistíocht 1.2 (An Baile mar an chéad áit chúraim agus teilileighis); agus M7-3 faoi Athchóiriú 1 (Nósanna imeachta ceadúnúcháin a chuíchóiriú le haghaidh fuinneamh in-athnuaite). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Iodáil go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Tá sé mínithe ag an Iodáil go ndearnadh seacht mbeart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin le M1C1-49 agus M1C1-50 faoi Infheistíocht 1.8 (Nósanna imeachta earcaíochta maidir le cúirteanna riaracháin); M1C1-72quinquies agus M1C1-72sexies faoi Athchóiriú 1.11 (Laghdú a dhéanamh ar íocaíochtaí déanacha ag riaracháin phoiblí agus údaráis sláinte) agus an tuairisc ar an mbeart gaolmhar; M1C1-144 faoi Infheistíocht 1.4 (Seirbhísí digiteacha agus taithí na saoránach); M1C1-24 faoi Infheistíocht 1.7 (Bunscileanna digiteacha) agus an tuairisc ar an mbeart gaolmhar; tuairisc ar an mbeart faoi Infheistíocht 1.4 (Bithmheatán a fhorbairt, de réir na gcritéar chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn) faoi M2C2; M6C2-17 faoi Infheistíocht 2.2 (Scileanna gairmiúla teicniúla, digiteacha agus bainistíochta gairmithe sa chóras cúraim sláinte a fhorbairt) agus an tuairisc ar an mbeart gaolmhar; agus M7-5 faoi Athchóiriú 2 (Fóirdheontais atá Díobhálach don Chomhshaol a Laghdú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Iodáil na bearta thuasluaite a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an Iodáil go ndearnadh 20 bheart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus chun Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a shimpliú agus cuspóirí na mbeart lena mbaineann á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le M1C1-96 faoi Athchóiriú 1.10 (Athchóiriú an chreata reachtaigh um sholáthar poiblí); M1C2-5 faoi Infheistíocht 6 (Infheistíocht sa Chóras Maoine Tionsclaíche) agus an tuairisc ar an mbeart gaolmhar; M1C2-14 faoi Athchóiriú 2 (Dlíthe Bliantúla Iomaíochta) agus an tuairisc ar an mbeart gaolmhar; M1C3-9bis faoi Infheistíocht 4.1 (Mol Digiteach Turasóireachta); M1C3-18 faoi Infheistíocht 2.3 (Cláir chun céannacht áiteanna, páirceanna agus gairdíní stairiúla a fheabhsú) agus an tuairisc ar an mbeart gaolmhar; M1C3-28 faoi Infheistíocht 4.2 (Cistí le haghaidh iomaíochas na bhfiontar turasóireachta); tuairisc ar bheart Infheistíocht 4 (Saoráid Páirce Agra-ghréine) faoi M2C1; M2C4-32 faoi Infheistíocht 4.2 (Caillteanais i ngréasáin dáileacháin uisce a laghdú, lena n-áirítear digitiú agus faireachán a dhéanamh ar ghréasáin) agus an tuairisc ar an mbeart gaolmhar; tuairisc ar bheart Infheistíocht 1.4 (Idirghabháil urghnách arb é is aidhm di bearnaí críocha a laghdú i dtimthrialla I agus II den

mheánoideachas agus aghaidh a thabhairt ar luathfhágáil scoile) faoi M4C1; M4C1-13 faoi Infheistíocht 2.1 (Teagasc agus oiliúint dhigiteach chomhtháite maidir leis an gclaochlú digiteach do bhaill foirne scoileanna); M4C2-2bis faoi Infheistíocht 2.2 (Comhaontuithe Nuálaíochta); M5C1-4 faoi Athchóiriú 1 (BGMSanna agus Gairmoiliúint); tuairisc ar bheart Infheistíocht 1 (Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPFanna) a neartú) faoi M5C1; M5C1-10 faoi Athchóiriú 2 (Plean Náisiúnta chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe); M5C1-19bis agus M5C1-20 faoi Infheistíocht 5 (Fiontair ban a chruthú) agus an tuairisc ar an mbeart gaolmhar; M6C2-8 faoi Infheistíocht 1.1 (Nuashonrú digiteach threalamh teicneolaíoch na n-ospidéal); tuairisc ar bheart Infheistíocht 1.3 (An bonneagar teicneolaíochta agus na huirlisí chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil, a anailísiú agus a ionsamhlú) faoi M6C2; tuairisc ar bheart Infheistíocht 2.2 (Scileanna gairmiúla teicniúla, digiteacha agus bainistíochta gairmithe sa chóras cúraim sláinte a fhorbairt) faoi M6C2; M7-10 faoi Athchóiriú 5 (Plean le haghaidh Scileanna nua – Aistrithe); agus M7-26 faoi Infheistíocht 8 (Soláthar inbhuanaithe, ciorclach agus slán Amhábhar Criticiúil) agus an tuairisc ar an mbeart gaolmhar. Ar an mbonn sin, d'iarr an Iodáil na bearta thuasluaite a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

*Dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna*

(7) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Iodáil i láthair a chur san áireamh.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(8) Sainaithníodh 10 n-earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, lena ndéantar difear do 10 gcloch mhíle agus sprioc agus do 10 mbeart faoi thrí chomhchuid. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú. Baineann na hearráidí cléireachais sin le M2C4-40 d'Infheistíocht 4.5 (Scéim deontais le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagar uisce); M4C1-14bis d'Athchóiriú 2.1 (Earcaíocht múinteoirí); M4C1-31 d'Infheistíocht 5 (Ciste um thithíocht do mhic léinn); M7-6 d'Athchóiriú 3 (Na costais a bhaineann le nascadh leis an líonra gáis bithmheatáin a laghdú); M7-13 d'Infheistíocht 3 (Beart méadaithe: Hidrigin a thairgeadh ar láithreáin athfhorbraíochta (Gleannta Hidrigine)); M7-22 d'Infheistíocht 7 (Eangach tarchurtha náisiúnta chliste); M7-30 d'Infheistíocht 10 (Scéimeanna píolótacha maidir le scileanna agus 'Crescere Green'); M7-37 d'Infheistíocht 13 (Céim 1 Líne Aidriad (stáisiún comhbhrúiteora Sulmona agus píblíne gáis Sestino-Minerbio gas)); M7-39 d'Infheistíocht 14 (Bonneagar onnmhairiúcháin gáis trasteorann); agus M7-42 d'Infheistíocht 15 (Transizione 5.0). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(9) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht*

(10) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe

ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb é atá inti 37,1 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus 74,8 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(11) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 26,5 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

***Aon chritéar measúnaithe eile***

(12) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Iodáil chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta de réir na gcritéar measúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (i), (j) agus (k).

***Measúnú dearfach***

(13) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuireann an tAontas ar fáil le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(14) Is é EUR 194 435 381 164 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hIodáile. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Iodáil, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus

[9] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

athléimneachta leasaithe na Rómáine, ba cheart gurb é EUR 71 779 623 788 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Iodáil.

***Iasachtaí***

(15) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Iodáil dar luach EUR 122 601 810 400.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 sin a ionadú go hiomlán.

(17) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí ón Aontas a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta leasaithe na hIodáile a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Airteagal 2

*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile mar a leanas:

cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 3

*Seolaí*

Is chuig Poblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*